# Ceannaireacht Láidir
# Athrú Dearfach

**FORÓGRA**
**SHINN FÉIN**
2024 TOGHCHÁN
WESTMINSTER

Sinn Féin

STRONG LEADERSHIP,
POSITIVE CHANGE

# Ceannaireacht Láidir
## Athrú Dearfach

# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| *Teachtaireacht ó Uachtarán Shinn Féin Mary Lou McDonald TD* | **3** |
| *Réamhrá – Leas-Uachtarán Shinn Féin Céad-Aire Michelle O'Neill CTR* | **4** |
| *Ceannaireacht Láidir* | **5** |
| *Athrú Dearfach a Dhéanamh* | **6** |
| *An Fód a Sheasamh do Sheirbhísí Poiblí* | **7** |
| *Pleanáil d'Athrú Bunreachtúil* | **8** |
| *Sochaí a Thógáil do Chách* | **9** |


*STRONG LEADERSHIP,*
*POSITIVE CHANGE*

**Curtha i gcló ag** Nova Print, 3c3, Twin Spires Complex,
155 Northumberland St, Belfast BT13 2AF.
**Foilsithe ag** Conor Murphy, 51-53 Falls Road, Belfast BT12 4PD
**Bíodh do chearta ar eolas agat!** Féach ar pholasaí príobháideachais
Shinn Féin ag **sinnfein.ie/privacy**



# Teachtaireacht ó Uachtarán Shinn Féin **Mary Lou McDonald TD**

Gach lá, tá ionadaithe Shinn Féin ag soláthar ceannaireacht láidir agus ag seachadadh athruithe dearfacha do phobail ar fud na hÉireann.

Ní oibríonn aon duine níos déine ar son na bpobal agus na ndaoine a ndéanann muid ionadaíocht dóibh.

Tá Sinn Féin ar thaobh oibrithe agus teaghlaigh, ag obair go náisiúnta agus ag seachadadh go háitiúil.

Táimid chun tosaigh chun tír níos láidre, níos fearr agus níos cothroime a chruthú.

Táimid ag obair le hÉirinn a aontú.

Deis atá sa toghchán ar an 4 Iúil chun céim eile a ghlacadh chun saol níos fearr amach anseo a chruthú

Le sochaí a chruthú a chosnaíonn tú agus tú ag an bpointe is ísle, a spreagann tú nuair a bhíonn tú ag an bpointe is láidre.

Tá Sinn Féin tiomanta do na rudaí is tábhachtaí d'oibrithe agus do theaghlaigh a sholáthar: cúram sláinte, costas maireachtála, tithíocht, oideachas, cúram leanaí.

Táimid dírithe ar an méid is féidir a bhaint amach má oibrímid le chéile, má éiríonn leis an bpolaíocht, agus má thaispeánaimid gur féidir athrú dearfach a dhéanamh.

Ar an gcéad lá tar éis toghchán Westminster, beidh Teachtaí Dála Shinn Féin ag obair go dian mar chuid d'fhoireann láidir uile-Éireann Shinn Féin chun beart a dhéanamh de réir briathair ar son ár muintire agus ár bpobail go léir.

Mar sin tá mé ag iarraidh oraibh teachtaireacht shoiléir a sheoladh sa toghchán seo faoi na rudaí atá uait don todhchaí.

Vótáil ar son ceannaireacht láidir agus athrú dearfach.

Vótáil ar son páirtí atá tiomanta do bheith ag obair do chách.

**Ar 4 Iúil Vótáil Sinn Féin X.**

***Mary Lou McDonald TD***
*UACHTARÁN SHINN FÉIN*



# RÉAMHRÁ

## Leas-Uachtarán Shinn Féin Céad-Aire **Michelle O'Neill CTR**

Sa toghchán seo is féidir le daoine teachtaireacht shoiléir a chur amach faoina bhfuil uathu don saol atá romhainn.

Trí vóta a chaitheamh do Shinn Féin tá tú ag tacú le ceannaireacht láidir, le hathrú dearfach, agus leis an tiomantas do bheith ag obair do chách atá ar bun ag Sinn Féin

Tá deis agat vóta a chaitheamh le go mbeidh cinntí faoi do shaol agus do thodhchaí á ndéanamh anseo, sa bhaile.

Tá tú ag tacú le maoiniú níos fearr dár seirbhísí poiblí agus ag tabhairt cúl le blianta de chiorruithe na dTóraithe a chuaigh i bhfeidhm ar mhuintir an Tuaiscirt.

Agus tá tú ag tacú le geilleagar níos láidre, ag cruthú níos mó post ar phá maith, agus ag déanamh cúram leanaí níos inrochtana agus níos inacmhainne.

Is cuma cén cúlra nó cén pobal as a dtagann daoine, beidh Teachtaí Parlaiminte Shinn Féin ag obair go dian agus ag déanamh beart de réir briathair maidir leis na rudaí atá tábhachtach d'oibrithe, do theaghlaigh agus do ghnólachtaí – an costas maireachtála, sláinte, oideachas, poist mhaithe agus infheistíocht a dhéanamh i bpobail áitiúla agus tuaithe.

Ní tharlóidh aon athrú ó Thuaidh ach amháin má bhíonn gach duine againn ag obair le chéile san Fheidhmeannas agus sa Tionól, ach tugann an toghchán seo deis do dhaoine teachtaireacht shoiléir a chur amach faoin todhchaí atá siad a iarraidh.

Tapaímis an deis an fhoireann is láidre de chuid Shinn Féin a thabhairt ar ais agus leanaimis ar aghaidh i dtreo todhchaí nua agus todhchaí níos fearr.

**Ar an 4 Iúil vótáil Sinn Féin X.**

***Michelle O'Neill MLA***
*LEAS-UACHTARÁN SHINN FÉIN*
*CÉAD-AIRE*

# CEANNAIREACHT LÁIDIR

Sa toghchán seo tá Sinn Féin ag iarraidh oraibh tacú le ceannaireacht láidir agus le hathrú dearfach.

Tá muid tiomanta do rialtas éifeachtach, athrú forásach, agus seirbhísí maithe poiblí a chur ar fáil, ag obair i gcomhar le daoine eile sa Tionól, san Fheidhmeannas, agus sna hinstitiúidí Thuaidh-Theas.

Mar chuid den Fheidhmeannas tá fís dhearfach don athrú leagtha amach ag Airí Shinn Féin.

Tá geilleagar níos láidre agus níos cothroime de dhíth, geilleagar ina mbíonn poist mhaithe ar phá maith ann, agus ina mbíonn dálaí slána ar fáil d'oibrithe, agus a thacaíonn le gnó áitiúil.

Is mian linn táirgiúlacht agus deiseanna scileanna agus oiliúna a mhéadú, cothromaíocht réigiúnach in infheistíocht agus deiseanna fostaíochta a bheith ann, cúram leanaí inrochtana agus inacmhainne a sholáthar - lena n-áirítear dóibh siúd a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu - agus spriocanna athraithe aeráide a bhaint amach trí aistriú cothrom agus cóir go nialas.

Tá muid tiomanta do chosaintí láidre dlíthiúla d'oibrithe agus an ceart le bheith mar bhall de cheardchumann.

Tá muid tiomanta fosta  do na tionscadail shuaitheanta atá geallta ag an Fheidhmeannas ar nós Ollscoil Magee a leathnú, na bóithre A5 agus A6 a thógáil, agus athfhorbairt a dhéanamh ar Pháirc Mhic Easmainn.

Caithfear tionscadail eile a chuireann cothromaíocht réigiúnach agus forbairt an gheilleagair uile-oileáin a chur chun cinn, amhail Droichead Chaoluisce agus Canáil Uladh.

Is mian linn ár dtimpeallacht a chosaint, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann maidir le Loch nEathach agus leis na pobail máguaird.

Leanfaimid orainn ag troid ar son múnla maoinithe cothrom don Tuaisceart a fhreastalaíonn ar riachtanais na seirbhísí poiblí.

Bhí Sinn Féin lárnach sa troid in aghaidh pholasaithe diúltacha millteacha na dTóraithe a bhí á dtiomáint ag ciorruithe, agus muid ag daingniú cosaintí ar leith i gcoinne na farasbarr is measa den Bhreatimeacht agus den déine.

Leanfaidh  orainn ag cur ceannaireacht láidir ar fáil dár ndaoine agus dár bpobail go léir le tiomantas oibriú i gcomhar le gach duine le hathrú dearfach a chur i gcrích.

# ATHRÚ DEARFACH A DHÉANAMH

Tá Teachtaí Parlaiminte Shinn Féin mar chuid d'fhoireann uile-Éireann atá ag brú athrú chun cinn ar an oileán seo.

Sa Tionól agus san Fheidhmeannas, sa Dáil, i bParlaimint na hEorpa, i seomraí na Comhairle ar fud na hÉireann, oibríonn ionadaithe Shinn Féin le chéile le hionadaíocht a dhéanamh ar leas mhuintir uile an oileáin seo.

Seasfaidh Sinn Féin le hoibrithe, teaghlaigh agus pobail agus beidh sé mar ghlór acusan nuair a bhíonn sé de dhíth.

Ba mhaith le daoine go ndéanfaidh ionadaithe tofa agus Airí atá freagrach go háitiúil cinntí faoina saol agus faoina dtodhchaí anseo, sa bhaile.

Mar gheall ar mhífheidhmiú i bpolaitíocht na Breataine, tá Breatimeacht, déine, géarchéim costais mhaireachtála, rátaí bochtaineachta ag dul in olcas, creimeadh seirbhísí poiblí, agus feall uafásach ar íospartaigh.

Tá athrú dearfach de dhíth ar dhaoine anseo, agus is é Sinn Féin an t-aon pháirtí a thairgeann cur chuige uile-oileánda leis an athrú sin a chur i gcrích.

Bhí tionchar Shinn Féin lárnach sa chlaochlú dochreidte a tharla sa Tuaisceart.

Bhí Sinn Féin lárnach fosta agus cosaintí a chinntiú a thug cosaint d'Éirinn ó na tionchair ba mheasa a bhí ag Breatimeacht tubaisteach agus déine na Breataine.

I bplé díreach le Rialtas na Breataine, leis na Stáit Aontaithe, agus leis an Aontas Eorpach, sheas muid gan staonadh ar son chearta na saoránach.

Tá muid tiomanta go hiomlán leanúint lenár dtacaíocht agus lenár ndlúthpháirtíocht do mhuintir na Palaistíne. Tapóidh muid gach deis le sos cogaidh láithreach a éileamh, gach giall a scaoileadh saor, cabhair dhaonnúil a chur ar fáil, deireadh a chur le cinedhíothú, agus stát Palaistíneach saor agus neamhspleách a bhaint amach.

Leanfaidh Teachtaí Parlaiminte Shinn Féin ag tabhairt tús áite do leas na ndaoine agus na bpobal.

# AN FÓD A SHEASAMH DO SHEIRBHÍSÍ POIBLÍ

Tá Sinn Féin tiomanta do sheasamh suas d'oibrithe, do theaghlaigh, do phobail tuaithe agus uirbeacha, lena chinntiú go mbeidh teacht acu ar sheirbhísí poiblí den chéad scoth.

Ní mór dúinn deireadh a chur le tearc-mhaoiniú ainsealach ár seirbhísí poiblí agus le tearcluacháil ár bhfórsa oibre seirbhíse poiblí.

Tá dúshlán leanúnach tugtha ag Sinn Féin d'easpa maoinithe Rialtas na Breataine dár seirbhísí poiblí - lena n-áirítear gan cinnteacht a thabhairt d'eagraíochtaí pobail agus d'fheirmeoirí maidir le maoiniú an AE a chur ina áit.

Bhí muid lárnach i gcaibidlíocht a dhéanamh ar phacáiste airgeadais feabhsaithe a chuir ar chumas athbhunú na n-institiúidí comhroinnte.

Chuir Aire Airgeadais Shinn Féin Caoimhe Archibald £688 milliún ar fáil le tús áite a thabhairt do dhámhachtainí pá san earnáil phoiblí ar athbhunú an Fheidhmeannais.

Tá socrú maoinithe feabhsaithe déanta ag ár nAire Airgeadais do bhuiséid amach anseo a chuirfidh ar ár gcumas na seirbhísí poiblí a bhfuil daoine ag súil leo agus atá tuillte acu a chosaint.

Ba mhaith linn buiséadú ilbhliantúil a fheiceáil fosta ionas go mbeidh an Feidhmeannas in ann infheistíochtaí níos fadtéarmaí a phleanáil agus a dhéanamh, mar shampla dul i ngleic le liostaí feithimh ospidéil, seachas ranna a theorannú lena mbuiséid a bhainistiú ó bhliain go bliain.

Tá easpa maoinithe ó Státchiste na Breataine go fóill ag dul i bhfeidhm ar gach roinn san Fheidhmeannas.

Tá infheistíocht mar is ceart agus leanúnach á héileamh i gcónaí ag Sinn Féin le bonn seasmhach a chur faoi chúrsaí airgeadais an Fheidhmeannais.

Tá sé seo ríthábhachtach le go mbeimid in ann an infheistíocht riachtanach inár bhfórsaí saothair seirbhíse poiblí a thabhairt chun cinn i gceart.

Leanfaidh muid orainn ag cur brú freisin ar aistriú cumhachtaí fioscacha chuig an Fheidhmeannas le ligean dó na seirbhísí atá ann cheana a chosaint, agus seirbhísí poiblí feabhsaithe a sholáthar amach anseo.

Áirítear leis sin cumhachtaí le haghaidh cánachais fhorásaigh agus an chumhacht leis an íosphá a ardú.

Ní féidir linn a bheith ag brath ar Rialtas na Breataine a chuirfidh a leas féin chun tosaigh ar leas ár seirbhísí poiblí agus na ndaoine atá ina gcónaí anseo.

Ba chóir d'Airí Feidhmiúcháin atá freagrach go háitiúil cinntí a dhéanamh anseo agus ní ag airí i Londain a léirigh easpa spéise s'acu arís agus arís eile dár seirbhísí poiblí agus dár n-oibrithe.

# PLEANÁIL D'ATHRÚ BUNREACHTÚIL

Tá an plé ar athrú bunreachtúil i ngach áit.

Ligeadh síos muid go léir mar gheall ar an chríochdheighilt.

Cuireann Comhaontú Aoine an Chéasta bealach síochánta agus daonlathach ar fáil trí phróiseas reifrinn le hÉirinn nua a bhaint amach san AE.

Éilíonn athrú bunreachtúil ar rialtas na hÉireann ullmhú don todhchaí ar bhealach straitéiseach agus freagrach.

Áirítear leis sin Tionól Saoránach a bhunú a chruthaíonn deis do dhaoine dul i mbun idirphlé a thugann aghaidh ar na féidearthachtaí praiticiúla agus dearfacha go léir a d'fhéadfadh athrú bunreachtúil a chruthú.

Tá próiseas de dhíth orainn a éascaíonn teagmháil fhial leo siúd ónár bpobail go léir ar an oileán seo.

Tá deis cheart ann anois todhchaí níos rathúla a mhúnlú i dtír níos láidre, níos fearr agus níos cothroime.

Deis le seirbhís sláinte náisiúnta uile-Éireann éifeachtúil, córas tithíochta inbhuanaithe, cúram leanaí inacmhainne, agus aistriú cothrom agus cóir chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de a chruthú.

Rachadh sé go mór chun tairbhe don gheilleagar uile-oileáin dá mbeadh ballraíocht iomlán san Aontas mar thoradh ar aontacht.

Tá an aontacht lárnach le sochaí nua-aimseartha, chuimsitheach, chuntasach agus níos cothroime a thógáil agus tír a bheith againn atá mar chuid lárnach den domhan.

Caithfidh rialtais na hÉireann agus na Breataine dáta a shocrú do reifreann ar aontacht na hÉireann.

Anois an t-am le pleanáil don todhchaí.

# SOCHAÍ A THÓGÁIL DO CHÁCH

Tá Sinn Féin tiomanta do shochaí chuimsitheach agus éagsúil atá bunaithe ar chearta comhionanna agus comhdheiseanna do gach saoránach.

Níl aon áit ina sochaí don seicteachas, don chiníochas, don mhí-úsáid, don homafóibe, ná don idirdhealú mar gheall ar aois ná míchumais.

Ní mór aghaidh a thabhairt ar fhadhb an fhoréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní agus ní mór straitéis Deireadh a chur le Foréigean in aghaidh na mBan agus na gCailíní (EVAWG) a chur i gcrích.

Is mian linn sochaí shábháilte, fháilteach agus chuimsitheach a chruthú do chách.

Is mian linn sochaí a léiríonn meas ar éagsúlacht ár bhféiniúlachtaí, creidimh nó gan aon cheann, gnéaschlaonadh, inscne, míchumas, aois, nó bunadh eitneach agus a dhéanann ceiliúradh air.

Ba mhian linn go mbeidh mná in ann teacht ar na seirbhísí sláinte sábháilte agus dlíthiúla a bhfuil siad ina dteideal.

Ba mhaith linn paireacht mheasa a fheiceáil do chultúr agus do theanga na hÉireann mar a fhoráiltear i gComhaontú Aoine an Chéasta.

Seasfaidh Sinn Féin fosta le cearta íospartaigh uile na coimhlinte teacht ar fhaisnéis, ar nochtadh uasta agus ar an fhírinne.

Cuireann muid go tréan i gcoinne na bhforálacha atá leagtha amach in Acht Oidhreachta rialtas na Breataine.

Tá sé in am aghaidh a thabhairt ar oidhreacht an ama atá caite trí na meicníochtaí a aontaíodh i dTeach Stormont a chur i bhfeidhm ar bhealach a chomhlíonann cearta an duine.

Leanfaidh Sinn Féin orthu ag tacú le híospartaigh agus le marthanóirí mí-úsáide institiúideacha lena gceart chun fírinne, ceartais agus sásaimh a chosaint go bhfuil siad séanta le rófhada.

Ceannaireacht Láidir
Athrú Dearfach

CEANNAIREACHT LÁIDIR,
ATHRÚ DEARFACH